EAGRÁN 24 IÚIL 2012

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Fáilte go dtí eagrán 24 dár Nuachtlitir pobail. Fáilte speisialta roimh chuairteoirí agus tá súil againn go bhfuil sibh ag baint taitnimh as bhur gcuairt.

Beidh go leor imeachtaí ar bun i rith an tSamhraidh le freastal ar chuile aoisghrúpa. Eagrófar campaí samhraidh i gCeathrú Thaidhg agus i nGleann na Muaidhe i mí Iúil, agus ag Barr na Trá i mí Lúnasa, áit a mbeidh imeachtaí siamsaíochta agus cultúrtha ar fáil do pháistí bunscoile an cheantair (féach leathanach 4). Mar chuid de Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta i mí Lúnasa eagrófar taispeántas grianghraif ar ghnéithe áirithe de shaol na tuaithe mar a bhí i nDún Chaocháin fadó, chomh maith le léacht ar sheandalaíocht Chill Chomáin agus siúlóid dúlra (féach leathanach 8).

Welcome to edition 24 of our community Newsletter. We extend a special welcome to visitors to the area and hope you are enjoying your stay. Various activities will be organised over the summer months to suit all age groups. Summer camps will be held in Ceathrú Thaidhg and in Glenamoy in July, and at Barr na Trá in August, to provide recreational and cultural activities for primary school children (see page 4). As part of National Heritage Week in August a photographic exhibition documenting aspects of rural life in Dún Chaocháin in former times, a talk on the archaeology of Cill Chomáin, and a guided nature walk will be organised (further details on page 8). Tá súil againn go mbainfidh sibh sult astu.

*** Nuachtlitir Áitiúil * A Community Newsletter**

*** Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal**

*** Provides a voice for the local community and an update on development issues**

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teangmhála	2
Paróiste Chill Chomain	2
Comhar Dún Chaocháin Teo	3
Ról agus Gníomhaíochtaí	3..
Eolas agus Comhairle	10
Cúigear Ros Dumhach	11
Ábhar Spéise Eile	12

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach:	Micheál de Búrca
Rúnaí:	Seán Mac Aindriú
Cisteoir:	Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile:	Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Micheál Ó Murchú, Séamus Ó Murchú, Uinsíonn Mac Graith agus Diana Ní Thailliúr.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíocha/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuairteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideasa agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le **Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,**
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 **Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net**

Seirbhísí Cúraim Leanaí / Childcare Services

An Clár Infheistíochta Náisiúnta Cúraim Leanaí / The National Childcare Investment Programme

Is seirbhísí réamhscoile trí Ghaeilge iad Naíonra Dhún Chaocháin, atá lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg (bunaithe i 1996), agus Naíonra Ghleann na Muaidhe atá lonnaithe in ionad tacaíochta teaghlaigh ag Bun Altaí i nGleann na Muaidhe (bunaithe i 2001) atá dá reachtáil ag an bpobal áitiúil.

Faigheann na seirbhísí seo airgeadú ón gClár Infheistíochta Náisiúnta Cúraim Leanaí, atá faoi chúram na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Faoin Scéim Fóirdheontas um Chúram Leanaí Pobail faigheann siad fóirdheontas a chuireann ar a gcumas táillí laghdaithe a thairiscint do thuismitheoirí atá faoi mhíbhuntáiste. Cuireann an Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige bliain réamhscoile saor in aisce ar fáil do pháistí a chomhlíonann coinníollacha na scéime. Is gá go mbeadh páistí idir 3 bl. agus 2 mhí agus 4 bl. 7 mhí ar an 1ú Meán Fómhair 2012 chun a chailiú don scéim don bhliain amach romhainn.

Naíonra Dhún Chaocháin, which is located in the Seanscoil in Ceathrú Thaidhg (set up in 1996), and Naíonra Ghleann na Muaidhe which operates from a special-purpose facility at Bun Altaí, Gleann na Muaidhe (established in 2001) are both community-run Irish language pre-school services.

These services main source of funding comes from the National Childcare Investment Programme which falls under the remit of The Department of Children and Youth Affairs and is funded by the Irish Government under the National Development Plan 2007-2013. Both services operate the Community Childcare Subvention Scheme (CCSS) and The Early Childhood Care and Education (ECCE) Scheme. The latter provides a free pre-school year for children who meet the required criteria. Children are eligible for ECCE for the forthcoming year if they are aged between 3 years 2 months and 4 years 7 months on 1st September 2012.

An Ghaeilge sa Luathoideachas

I mí Bealtaine rinne Pádraigín Standún, comhairleoir le Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo, cur i láthair sna Naíonraí ar an nGaeilge sa Luathoideachas (sealbhú agus buanú), córas an tumoideachais i bhfoghlaim na teanga, buntáistí an dátheangachas don pháiste óg agus ról an naíonra sna próiséis seo. Bhí an ócáid dírithe ar thuismitheoirí áitiúla a bhfuil páistí óga acu.

In May Pádraigín Standún, advisor with Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo, gave a presentation in the Naíonraí on the acquisition and preservation of the Irish language, the process of immersion in language learning, the advantages of bi-lingualism for the young child and the role the Naíonra plays in these processes. The event was organised to provide information for local parents of young children.

Cláranna Ardchaighdeáin / Quality Programmes

I gcomhar le Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo agus Coiste Chúram Leanaí Chondae Mhaigh Eo, tá coistí na naíonraí ag obair ar chláranna ardchaighdeáin a chur i bhfeidhm chun seirbhís den scoth a sholáthar do pháistí agus thuismitheoirí an cheantair. Tá an clár súgartha LOINNIR, an plean teanga BORRADH agus na cláranna náisiúnta caighdeáin don luathoideachas SÍOLTA agus AISTEAR ina measc.

In conjunction with Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo and Mayo County Childcare Committee, the Naíonra committees endeavour to provide a quality service for children and their parents. The Quality Assurance Programme includes the play programme LOINNIR, the language plan BORRADH and the national quality frameworks for early childhood education SÍOLTA and AISTEAR.

Téarma 2012/13 / Term 2012/13

Beidh na Naíonraí ag ath-oscailt Dé Luain an 3ú Meán Fómhair. Tá breis eolais le fáil ó Chaitlín ag 097 88977 le haghaidh Naíonra Dhún Chaocháin agus ó Mháire Cáit ag 097 88863 / 087 9714395 le haghaidh Naíonra Ghleann na Muaidhe.

The Naíonraí are re-opening on Monday 3rd September. For further information please contact Caitlín on 097 88977 for Naíonra Dhún Chaocháin and Máire Cáit on 097 88863 / 087 9714395 for Naíonra Ghleann na Muaidhe.

Imeachtaí Óige / Youth Activities

Campaí Samhraidh Iorrais / Summer Camps

Eagraíonn coiste Campaí Samhraidh Iorrais campaí samhraidh trí mheán na Gaeilge ar fud cheantar Iorrais le cuidiú airgeadú na Roinne Ealaíne, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht. An aidhm atá leis na campaí, atá dírithe ar pháistí san aoisghrúpa ó sé mbliana d'aois go dá bhliain déag d'aois, ná iad a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt agus dul i dtaithí ar í a úsáid lena chéile i dtimpeallacht thaitneamhach. Seachtain siamsaíochta, spraoi, agus scléip atá ann le himeachtaí mar spórt, ealaíon, ceardaíocht, damhsa traidisiúnta, amhranaíocht, cluichí boird agus barbeque. I mbliana, ag brath ar éileamh, eagrófar campaí ag Béal an Mhuirthead (9ú go 13ú Iúil), Gleann an Chaisil (16ú Iúil go 20ú Iúil), Ceathrú Thaidhg (23ú go 27ú Iúil, páistí ó Ros Dumhach san áireamh), Béal an Mhuirthead (30ú Iúil go 3ú Lúnasa), Barr na Trá (30ú Iúil go 3ú Lúnasa agus 7ú Lúnasa go 11ú Lúnasa - páistí ó Inbhear san áireamh) agus Eachléim (7ú Lúnasa go 11ú Lúnasa).

Chomh maith le sin eagrófar campaí le freastal ar pháistí san aoisghrúpa ó trí bliana d'aois go dtí 6 bliana d'aois i nGleann na Muaidhe (2ú go 6ú Iúil agus 9ú go 13ú Iúil) agus san Eachléim (23ú go 27ú Iúil).

The committee of Campaí Samhraidh Iorrais organises summer camps through the medium of Irish throughout the Erris area with the assistance of funding it receives from The Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht under the scheme Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht. The aim of the camps, which are targeted at children in the six to twelve year age group, is to encourage them to speak Irish in an enjoyable environment. The week-long programme of activity includes sports, art, crafts, traditional dancing, singing, board games and a barbeque. This year, pending sufficient demand, camps will be held at Belmullet (9th July to 13th July), Gleann an Chaisil (16th July to 20th July), Ceathrú Thaidhg (23rd July to 27th July, including children from Ros Dumhach), Belmullet (30th July to 3rd August), Barr na Trá (30th July to 3rd August and 7th August to 11th August - including children from Inbhear) and Eachléim (7th August to 11th August).

This year camps will also be organised for children from 3 to 6 years of age in Gleann na Muaidhe (2nd July to 6th July and 9th July to 13th July) and in Eachléim (23rd July to 27th July).

Application forms and further information are available from:-
Treasa Ní Ghearraigh (Campaí Ceathrú Thaidhg agus Barr na Trá) 097 88082 dunchaochain1@eircom.net
Pam Ní Thaidhg (Campa Gleann an Chaisil) 097 81418 pnt@udaras.ie
Ian Mac Aindriú (Campaí Béal an Mhuirthead) 097 81079 i.macaindriu@arasinisgluaire.ie
Jacqui Uí Mhonacháin (Campaí na hEachléime) 097 85727 comhardeirbhile@eircom.net
Máire Cáit Uí Mhurchú (Campaí Gleann na Muaidhe) 097 87838 nó 087 9714395

Lúb na Binne Buí / The Binn Bhuí Head Loop

Mar chuid de phlean forbartha Chill Chomáin, agus le cabhair ó Chomhairle Chondae Mhaigh Eo agus Fáilte Ireland, clárófar an tsiúlóid Lúb na Binne Buí mar shiúlóid aitheanta. Tá tús curtha leis an obair forbartha faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin. Ceanglóidh an tsiúlóid isteach le siúlóidí Cheathrú Thaidhg (Siúlóid na Trá, Siúlóid Chlann Lir agus Siúlóid an Chlaí Dhuibh) atá ag mealladh chuairteoirí isteach sa gceantar le cúpla bliain anuas.

As part of the development plan for the parish of Cill Chomáin, and with the assistance of Mayo County Council and Fáilte Ireland, the walk known as The Binn Bhuí Head Loop will be registered as a recognised walk. Development work has commenced under the Cill Chomáin Rural Social Scheme. When complete, this walk will link in with the existing Ceathrú Thaidhg walks (Siúlóid na Trá, Siúlóid Chlann Lir and Siúlóid an Chlaí Dhuibh) which have been enticing visitors to the area for some years now. (grianghraf: Joe Mc Dermott)

Bogábhar Chlann Lir / Clann Lir App.

Tá an bogábhar ghutháin le haghaidh na siúlóide Chlann Lir beagnach críochnaithe, an chéad cheann dá leithéid sa tír atá dá-theangach. Anois is féidir leat éisteacht le blúiriní eolais ar na pointí suimiúla atá le feiceáil agus tú ag leanúint an tslí treormharcáilte thart le cósta álainn, draíochta Dhún Chaocháin. Tá breis eolais le fáil ó oifigeach forbartha siúlóide an Chondae Anna Connor ag 094 9024444.

The mobile phone application (App.) for the Clann Lir walk is nearing completion, the first bi-lingual App. of its kind to be compiled in the country. Now you can listen to snippets of information on the various points of interest you encounter, as you follow the waymarked route along the beautiful, spellbinding coastline of Dún Chaocháin. For further information please contact the County walking development officer Anna Connor on 094 9024444.

Grúpa Siúlóide Cedar / Cedars Walking Group

Le linn a gcuairt ar Mhaigh Eo bhain breis agus trí scór ball ó Ghrúpa Siúlóide Cedar as Craigavon, Condae Antroma, taitneamh as Siúlóid Chlann Lir i Ceathrú Thaidhg ar an 16ú Bealtaine. Ar lá álainn grianmhar thóg siad isteach radharcanna maorga ar feadh chósta Dhún Chaocháin. Thug siad cuairt ar an tSeanscoil, áit ar cuireadh fáilte croíúil rompu, agus tugadh bróisiúir agus leabhráin ar an gceantar dóibh.

During their visit to Mayo 67 members of Cedars Walking Group from Craigavon, County Armagh, enjoyed the Clann Lir walk in Ceathrú Thaidhg on 16th May. In what was a beautiful sunny day the walkers absorbed the spectacular cliff scenery along the northern coast of Dún Chaocháin. They also visited the Seanscoil, the local community and information centre, where they received a warm welcome and were presented with promotional material on the area. Photo: Walking along the Black Ditch (An Claí Dubh).

Lóistín Féinfhreastail / Self Catering Accommodation

Má tá lóistín féinfhreastail le fáil ar chíos agat, agus go dteastaíonn cuidiú uait é a chur i láthair chustaimeirí in Éireann nó i Sasana, seo é do sheans. Téigh i dteagmháil le Imagine Ireland ar 1890 94 6663 nó tabhair cuairt ar a suíomh idirlíne imagineireland.com Tá sé molta réamhullmhúcháin a dhéanamh anois chun clárú i 2013.

If you have self-catering accommodation to rent, and would like assistance to promote it to potential customers in Ireland and in the U.K. you may wish to contact Imagine Ireland on 1890 94 6663 or visit their website imagineireland.com It is advisable to prepare now for registration in 2013.

Blaiseadh Gaeltachta / A Taste of the Gaeltacht

Tá Údarás na Gaeltachta, i gcomhairle le Fáilte Éireann, ag iarraidh soláthraithe lóistín atá lonnaithe sa Ghaeltacht a chur ar an eolas faoi fheachtas nua margaíochta atá ar bun i mbliana dar teideal 'Blaiseadh Gaeltachta'. Catagóir í seo atá forbartha ag Fáilte Éireann le tacú le soláthraithe lóistín sa Ghaeltacht a ngnónna a chur chun cinn agus margaíocht a dhéanamh ar eispéireas Gaeltachta. Is catagóir í 'Blaiseadh Gaeltachta' atá á chomhlíonadh ag formhór na soláthraithe cheana féin, agus is deis í seo poiblíocht agus margaíocht níos mó a fháil ar tháirge agus sheirbhís atá éagsúil, speisialta agus uathúil. Tá breis eolais agus foirmeacha iarratais le fáil ó Sonya Nic Lochlainn ag 091 503100 nó ó Orla ag 097 81418.

Údarás na Gaeltachta, in conjunction with Fáilte Ireland, wishes to make accommodation providers in the Gaeltacht aware of a new marketing initiative which has been established this year entitled 'Blaiseadh Gaeltachta – A Taste of the Gaeltacht'. This new category has been developed by Fáilte Ireland to support accommodation providers in the Gaeltacht to promote their businesses and market the Gaeltacht experience. The conditions of the scheme are already being implemented by the majority of such providers and this initiative presents an opportunity to publicise a product and service that is special and unique. Further information and application forms are available from Sonya Nic Lochlainn on 091 503100 or from Orla on 097 81418.

Tírdhreach Nádúrtha Chill Chomáin / The Natural Landscape

Tá an coiste, i gcomhar le saineolaithe dúlra agus luibheolaithe, ag obair ar threoirleabhar ar théama "Tírdhreach Nádúrtha Chill Chomáin". Déanfaidh an foilseáchan cur síos ar ghnáthóga agus ar fhiadhúlra an pharóiste idir phlandaí, ainmhithe, éanacha agus saol na mara. Beidh sé mar áis thagartha ag turasóirí, daltaí scoile agus ag éinne a bhfuil spéis acu sa dúlra.

The committee, in conjunction with nature and botany specialists, is compiling a guidebook on the theme 'The Natural Landscape of Cill Chomáin'. The publication will describe the various habitats and species to be found within the parish including plants, animals, birds and marine life. It will form a useful reference guide for tourists, school children and anyone with an interest in nature. Photographed taking part in a field trip to locate and photograph some plant species are Treasa Ní Ghearraigh, Sam Brown and Séamus Ó Mongáin. (grianghraf: Uinsíonn Mac Graith)

Scéalta Eile / Other News

Beartas In Aghaidh Bruscair / Mayo Litter League 2012

Is comórtas bliantiúil é Beartas In Aghaidh Bruscair a eagraíonn Comhairle Chondae Mhaigh Eo chun aird an phobail a dhíriú ar bhainistiú bruscair. Tugtar cuireadh do gach phobal céimeanna a thógáil chun an timpeallacht a fheabhsú trí fheachtais bhailiúcháin bruscair a eagrú. I mbliana, le cuidiú rannphairtithe na

Scéime Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, tá bailte Ceathrú Thaidhg agus Port a' Chlóidh ag glacadh páirte sa chomórtas. Beidh na moltóirí ag déanamh moltóireachta leanúnach ó Bhealtaine go Meán Fómhair chun an dul chun cinn a mheas agus marcanna a bhronnadh. Tá ról ag chuile dhuine sa bhfeachtas agus má chleachtaitear nósanna mar laghdú, athúsáid agus athchúrsáil is féidir linn ár gceantar a choinneáil saor ó bhruscar dúinn féin agus do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh. Ba mhaith leis an gcoiste buíochas a ghlacadh le rannphairtithe na Scéime Shóisialta Tuaithe as an nglanadh suas a rinneadh agus le Pádraig Ó Gacháin ó Chomhairle Chondae Mhaigh Eo a thóg an bruscar ar siúl.

Mayo Litter League is an annual litter awareness competition organised by Mayo County Council inviting all communities to take steps to improve their environment by organising litter clean ups and minimising waste. This year, with the assistance of workers on the Cill Chomáin Rural Social Scheme, the villages of Ceathrú Thaidhg and Port a' Chlóidh are participating in the campaign. Judges will carry out ongoing adjudication from May to September to monitor and assess progress and award marks. By working together and putting into practice the three r's (reduce, reuse and recycle) we can make our area a cleaner place to live in for ourselves and for future generations. Let us all make an effort and together we can make a huge difference. The committee would like to thank the participants on the Rural Social Scheme for collecting refuse and to Paddy Joe Gaughan from Mayo County Council for disposing of it.

An Dara Teampall ag Poll a' tSómais / Survey of Poll a' tSómais Second Graveyard

Tá Comhar Dún Chaocháin Teo i mbun suirbhé ar an dara teampall i bPoll a' tSomáis chun na huaigheanna uilig a mharcáil ar phlean agus stair an teampaill a bhreacadh síos. Amach anseo tá sé beartaithe an t-eolas a fhoilsiú i bhfoirm leabhair, cosúil leis na leabhair a foilsíodh ar Theampall Chill Ghallagáin i 2009 agus ar Shean-Teampall Chill Chomáin (Poll a' tSómais) i 2011. Má tá eolas nó grianghraif agat de do mhuintir atá curtha sa teampall cuir glaoch led' thoil ar 097 88082 / 087 1251642 nó 087 7928865.

Comhar Dún Chaocháin Teo is undertaking a survey of the second graveyard at Poll a' tSómais to mark the graves on a plan and record its history. At a future date it is intended to produce a book, similar to the Teampall Chill Ghallagáin book which was published in 2009, and the Cill Chomáin (Poll a' tSómais) Old Graveyard book which was published in 2011. If you have information or photographs (or memory cards) of deceased relatives who are buried in this graveyard, and would like to have them included, please contact any of the following numbers 097 88082 / 087 1251642 / 087 7928865. All photographs will be scanned and returned.

Lá Oscailte / Open Day

D'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo lá oscailte in ionad pobail na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg ar an 20ú Aibreáin chun an pobal a chur ar an eolas ar ról an chomharchumainn i bhforbairt pobail, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, an ról atá ag eagraíochtaí eile stáit agus na scéimeanna éagsúla maoinithe atá le fáil. Ar chlé: I láthair ag an ócáid bhí Deirdre Ní Cheallaigh, Uinsíonn Mac Graith agus Pádraig Ó Ceallaigh.

Comhar Dún Chaocháin Teo organised an open day in the Seanscoil community centre in Ceathrú Thaidhg on 20th April to inform the public of the role of the co-operative in community development, how to develop and manage projects, the role of state-agencies and the various schemes which are available.

Athrú Digiteach / Digital Switchover

Má tá tú ag brath ar chábla aeróige le haghaidh do chomhartha teilifíse caithfidh tú é a athrú roimh an 24ú Deireadh Fómhair chun an tseirbhís a choinneáil. Sí aidhm an Chláir Phobail d'Athraithe Digiteach ná a chinntiú go n-athraíonn chuile dhuine go dtí seirbhís dhigiteach teilifíse roimh a ngearrfar an comhartha analacháide. Tá breis eolais agus cabhair le fáil ó Caroline Wilson ag 086 2899296 nó ar an ríomhphoist ag wcaroline79@gmail.com

Anyone who relies on an aerial for their television signal needs to take action before the deadline of 24th October to ensure continued service. The Community Outreach Digital Switchover Programme aims to help people to make the switchover to a digital television service before the analogue signal is switched off. Please contact Caroline Wilson on 086 2899296 or E-mail: wcaroline79@gmail.com for further details.

Seachtain Oidhreachta Náisiúnta / National Heritage Week

Beidh Seachtain Oidhreachta Náisiúnta ar siúl i mbliana idir an 18ú agus 26ú Lúnasa. Ó cheann ceann na tíre beidh daoine aonaracha agus grúpaí ag eagrú imeachtaí éagsúla chun ár gcultúr agus ár n-oidhreacht shainiúil a cheiliúradh. Tá Comhar Dún Chaocháin Teo ag eagrú dá imeacht in ionad pobail na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg i rith na seachtaine. Ar Dé Máirt an 21ú Lúnasa ag 8.00 i.n. beidh taispeántas grianghraif agus léiriú sleamhnáin ar ghnéithe áirithe de shaol na tuaithe mar a bhí san am a caitheadh i gceantar Dhún Chaocháin. Ansin Dé Céadaoin an 22ú Lúnasa ag 8.00 i.n. déanfaidh Diana Taylor cuir i láthair ar ghnéithe de sheandalaíocht Chill Chomáin, a thabharfaidh léargas duit ar conas a mhair daoine 5000 bliain ó shin. Cuideoidh na sleamhnáin leat go leor de na hiarsmaí a aithint ar an talamh. Tá an dá imeacht saor in aisce agus cuirfear fáilte roimh chuile dhuine.

Eagrófar Siúlóid Dúlra Dé hAoine, an 24ú Lúnasa, (ag brath ar an aimsir) le dearcadh ar phlándaí sainiúla an phortaigh. Tiocfaidh an grúpa le chéile ag an Seanscoil ag 6.00 i.n. Moltar buataisí siulóide agus éadaí uiscedhíonacha.

National Heritage Week takes place this year between the 18th and 26th August. All over the country individuals and groups are organising various events to celebrate the diversity of our unique culture and heritage. Comhar Dún Chaocháin Teo is organising two events in the Seanscoil community centre in Ceathrú Thaidhg during the week. On Tuesday 21st August at 8.00 p.m. an exhibition of photographs and a slide show, documenting aspects of rural life in Dún Chaocháin in former times, will take place. Why not drop in and travel down Bóithrín na Smaointe. On Wednesday 22nd August at 8.00 p.m. Diana Taylor will give a presentation on the archaeology of the parish of Cill Chomáin illustrating how our ancestors lived over 5000 years ago. Detailed slides will help you to identify some of the ancient monuments which are dotted on the landscape. Both events are free of charge and all are welcome.

A guided walk Siúlóid Dúlra will also be organised on Friday 24th August (weather permitting) to discover the unique flora which is specially adapted to live on bog habitats. The meeting point is at the Seanscoil at 6.00 p.m. Suitable walking boots and rainwear are recommended.

Further information on any of the above events is available by contacting Treasa on 097 88082 or 087 1251642.

Ealaín agus Ceardaíocht Iorrais / Erris Arts and Crafts

Is grúpa nua-bhunaithe é Ealaín agus Ceardaíocht Iorrais a bhfuil sé mar aidhm aige ealaín agus ceardaíocht a chur chun cinn i gceantar Iorrais. Tá an grúpa ag obair cheana féin ar áiteanna taispeántais a fháil i siopaí sa gcaoi is go mbeidh saothar na háite níos feiceálaí. Chomh maith le sin tá an grúpa ag eagrú Aonach Ealaíne agus Ceardaíochta sa Spórtlann i mBéal an Mhuirthead ar an 18ú agus 19ú Lúnasa mar chuid de ***Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta.*** *Is deis í seo do mhuintir na háite a gcuid ceardaíocht a thaispeáint agus a dhíol. Ní mhór duit clárú roimhré chun spás a chur in áirithe tré ghlaoch a chur ar Barbara ag 087 2169625 nó ar Threasa ag 097 88082.*

Ealaín agus Ceardaíocht Iorrais is a newly formed group, set up to promote arts and crafts in the Erris area. One of its initiatives is securing display areas in shopfronts to highlight local products. The group will also be organising an Arts and Crafts Fair in the Sports Complex in Belmullet on the 18th and 19th August as part of National Heritage Week, giving local craftspeople an opportunity to display and sell their goods. If you would like to participate you need to register in advance to secure a space by contacting Barbara on 087 2169625 or Treasa on 097 88082.